An Roinn Oideachais
Department of Education

# I dtreo pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht

## Creat don pholasaí

Meán Fómhair 2024

# Clár

**1. Réamhrá ... 3**

**2. Comhthéacs an pholasaí ... 4**

**3. Treo an pholasaí ... 7**

**3.1 Oideachas ar ard-chaighdeán i scoileanna lán-Ghaeilge ... 9**

**3.2 Freastal ar riachtanais speisialta oideachais ... 12**

**3.3 Tacaíochtaí do scoileanna ... 15**

**3.4 Acmhainní teagaisc agus foghlama ... 18**

**3.5 Sciar na bhfoghlaimeoirí atá ag fáil oideachas trí mheán na Gaeilge a mhéadú ... 20**

**3.6 Soláthar múinteoirí (lena n-áirítear oiliúint tosaigh múinteoirí) ... 23**

**3.7 Tacaíochtaí do thuismitheoirí agus don phobal níos leithne ... 26**

**4. Focal scoir ... 29**

# 1. Réamhrá

Aithníonn an Roinn Oideachais go bhfuil ról ríthábhachtach ag scoileanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre i gcaomhnú agus i neartú na Gaeilge, agus go bhfuil gá le tacaíochtaí ar leith a chur ar fáil dóibh chun tacú leo sa ról sin. Cuireadh tacaíochtaí dá leithéid ar fáil do scoileanna Gaeltachta le blianta beaga anuas faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus tá dul chun cinn suntasach tugtha faoi deara san earnáil mar thoradh air sin.

Tá polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht á fhorbairt ag an Roinn Oideachais i láthair na huaire. Chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an pholasaí, chuir an Roinn próiseas comhairliúcháin cuimsitheach ar bun chun tuairimí an phobail agus na bpáirtithe leasmhara a bhailiú. D’ullmhaigh Sealbhú, lárionad taighde in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, sraith tuairiscí ar an gcomhairliúchán poiblí a thug léargas ar na moltaí a cuireadh faoi bhráid na Roinne. Anuas air sin, glacadh réimse gníomhartha le cinntiú go mbeadh an polasaí bunaithe ar thaighde reatha. Áirítear leis sin, athbhreithniú a chuir Sealbhú i gcrích ar thaighde idirnáisiúnta ar an oideachas trí mheán teangacha mionlaigh i ndlínsí éagsúla.

Ag eascairt as an bpróiseas comhairliúcháin, as an taighde a cuireadh i gcrích agus as an gcomhoibriú leanúnach le páirtithe leasmhara, dréachtaíodh an creat polasaí seo a leanas chun léargas a thabhairt ar threo an pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá sé i gceist go mbeidh an creat polasaí seo mar bhunús do phlé le páirtithe leasmhara ag ollchruinniú comhairliúcháin i mí Mheán Fómhair 2024.

# 2. Comhthéacs an pholasaí

Agus an polasaí ilghnéitheach seo á fhorbairt, tá sé ríthábhachtach an comhthéacs ina mbeidh sé suite a aithint. Beidh an polasaí nua, agus na gníomhartha a eascraíonn as, fite fuaite le polasaithe agus le straitéisí eile atá i bhfeidhm nó á bhforbairt ag an Roinn Oideachais, ag ranna stáit eile, agus ag an Rialtas.

Bhunaigh an Roinn Oideachais grúpa oibre ionrannach mar aon le coiste stiúrtha chun forbairt an pholasaí ar an oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a threorú. Tá ainmnithe ó rannáin ábhartha laistigh den Roinn Oideachais ar an ngrúpa oibre ionrannach, agus ainmnithe ó ranna agus áisíneachtaí ábhartha eile ar an gcoiste stiúrtha. Cabhróidh na coistí seo le comhtháthú a chinntiú idir an polasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus na polasaithe agus na straitéisí ábhartha eile.

## Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Tá an córas oideachais lárnach i gcur i bhfeidhm na Sraitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Tá an-chuid bainte amach faoin straitéis sin go dtí seo, go háirithe maidir le forbairt curaclaim, tacaíochtaí do scoileanna Gaeltachta, agus oiliúint múinteoirí. Gealltar sa Straitéis tacaíocht leanúnach a chur ar fáil don oideachas lán-Ghaeilge ag gach leibhéal ó shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (FCLÓ) trí na bunscoileanna go dtí na hiar-bhunscoileanna.

## Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Is é príomhaidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ná tacú le húsáid na Gaeilge agus í a chur chun cinn i bpobail Ghaeltachta trí sholáthar oideachais lán-Ghaeilge a neartú i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí sin ó seoladh é in 2016 – tá critéir theanga-bhunaithe leagtha amach do scoileanna Gaeltachta faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, agus tacaíochtaí á soláthar dóibh faoin Scéim sin; tá an tionscadal nuálach ríomh-mhoil ag cur réimse níos leithne ábhar ar fáil do scoláirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta; agus tá an clár B.Oid. trí mheán na Gaeilge agus an M.Oid. san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag dul ó neart go neart.

Go deimhin, tacaíonn roinnt de na gníomhartha a d'eascair as an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta le scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht – soláthar treoirlínte, obair An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) maidir le hacmhainní teagaisc agus foghlama (*An Tairseach* ar-líne san áireamh), agus deiseanna foghlama gairmiúla do mhúinteoirí (FGM), mar shampla. Bheifí ag súil go mbeadh tairbhe le baint ag scoileanna Gaeltachta as gníomhartha an pholasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith.

Cuirfidh an polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht leis an méid atá bainte amach ag an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus beidh sé ina

chéim thábhachtach eile i dtreo polasaí cuimsitheach don Ghaeilge sa chóras oideachais a fhorbairt.

## Plean Náisiúnta do Sholáthar na Gaeilge i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus i gCúram Leanaí d'Aois Scoile

Tá obair á cur chun cinn ag grúpa comhairleach faoi stiúir na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) chun plean don Ghaeilge a fhorbairt d'earnáil fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus do chúram leanaí d'aois scoile. Leanfaidh an Roinn Oideachais agus an RLCMLÓ ag obair go dlúth lena chéile le cinntiú go mbeidh an dá pholasaí ag teacht lena chéile, agus chun leanúnachas a chinntiú in earnáil an oideachais lán-Ghaeilge. Tá ballraíocht ag ionadaí ó RLCMLÓ ar an gCoiste Stiúrtha um Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, agus tá ionadaithe ón Roinn Oideachais ar an nGrúpa Comhairleach atá ag tacú le forbairt an Phlean Náisiúnta maidir leis an nGaeilge san earnáil FCLÓ.

## Polasaithe agus straitéisí na Roinne Oideachais

Faoin Acht Oideachais 1998, tá freagracht ar an Roinn Oideachais forbairt an oideachais lán-Ghaeilge a spreagadh agus a éascú.

Aithnítear go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh leanúnachas idir polasaithe agus straitéisí éagsúla na Roinne agus an polasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, agus go mbeidh siad comhtháite ar bhealach fónta. Agus an polasaí á dhréachtú, beidh grúpa oibre ionrannach na Roinne ag cinntiú go gcuirfear na polasaithe ábhartha san áireamh, lena n-áireofar, mar shampla:

- Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS)
- Athbhreithniú ar an Acht EPSEN 2004
- Ráiteas Beartais maidir le hOideachas Tosaigh Múinteoirí
- Plean Gníomhaíochta do Sholáthar Múinteoirí
- Plean forbartha d'fhórsa oibre CRSanna (á fhorbairt)
- Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití.

Ina theannta sin, bíonn an Roinn Oideachais ag comhoibriú go leanúnach le ranna rialtais eile i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm pholasaithe éagsúla. Beidh na gealltanais atá tugtha ag an Roinn i gcomhthéacs na bpolasaithe agus na straitéisí eile sin le tabhairt le chéile agus le daingniú agus an polasaí nua seo á fhorbairt, mar shampla An Plean Digiteach don Ghaeilge, An Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025 (Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann) agus Polasaí Náisiúnta na nOileán 2023-2033 (Ár nOileáin Bheo). Tá an Roinn ag tacú, freisin, leis an obair atá ar siúl chun an cuspóir in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a bhaint amach – go mbeadh 20% d'earcaithe nua sa tseirbhís phoiblí agus sa státseirbhís inniúil sa Ghaeilge.

## Comhthéacs reatha an chórais oideachais


Tá athruithe móra tagtha ar thimpeallacht an oideachais le blianta beaga anuas, na hathruithe sin á dtiomáint ag riachtanais shochaíocha, eacnamaíocha agus oideolaíocha. Ina theannta sin, tá an córas oideachais á chur féin in oiriúint do dhúshláin nua, mar shampla, freastal ar réimse níos leithne foghlaimeoirí, cur i bhfeidhm curaclam nua agus fás is forbairt na meán digiteach. Ní mór an polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge a lonnú laistigh de na hathruithe atá déanta cheana féin agus de na hathruithe atá ag teacht, lena n-áirítear athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí agus Creatchuraclam nua na Bunscoile. Gan amhras, tá forbairt na sonraíochtaí éagsúla ábhar don Ghaeilge T1 agus T2 thar a bheith ábhartha sa chomhthéacs seo freisin.

# 3. Treo an pholasaí

Beidh sé mar sprioc lárnach, uileghabhálach sa pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht go mbeidh oideachas ar ard-chaighdeán á chur ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge timpeall na tíre. D'eascair sé phríomhghné eile as próiseas forbartha an pholasaí chomh maith céanna agus tacóidh na réimsí eile sin leis an sprioc uileghabhálacha thuasluaite a bhaint amach.

Leagtar amach sa cháipéis seo na réimsí inar féidir leis an Roinn Oideachais, i gcomhar lena comhpháirtithe in earnáil an oideachais agus in earnáil na Gaeilge, tacaíocht a thabhairt do na scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Roinnfear an cháipéis mar seo a leanas:

- Oideachas ar ard-chaighdeán i scoileanna lán-Ghaeilge
- Freastal ar riachtanais speisialta oideachais (RSO)
- Tacaíochtaí do scoileanna lán-Ghaeilge (lena n-áirítear tacaíochtaí do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile)
- Acmhainní teagaisc agus foghlama
- Sciar na bhfoghlaimeoirí atá ag fáil oideachas trí mheán na Gaeilge a mhéadú
- Soláthar múinteoirí (lena n-áirítear oiliúint tosaigh múinteoirí)
- Tacaíochtaí do thuismitheoirí agus don phobal níos leithne.



Is léir go bhfuil na réimsí seo go léir fite fuaite lena chéile, agus go n-imríonn siad tionchar ar a chéile. Déantar gach ceann de na téamaí seo a chíoradh sna míreanna a leanann. Leagfar amach gach mír mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **An staid reatha** | Ag tús gach mír, leagfar amach an staid reatha maidir leis an réimse atá faoi chaibidil. |
| **Teachtaireachtaí ón gcomhairliúchán agus ón taighde** | Tabharfar achoimre ansin ar na teachtaireachtaí agus na moltaí a d'eascair as an gcomhairliúchán poiblí, as an taighde agus as na cruinnithe déthaobhacha. |
| **Treo an pholasaí** | Ina dhiaidh sin, tabharfar léargas ar threo an pholasaí mar a bhaineann le gach gné a chuirfear i láthair. |

# 3.1 Oideachas ar ard-chaighdeán i scoileanna lán-Ghaeilge

## An staid reatha

Tá an t-oideachas trí mheán na Gaeilge á chleachtadh in Éirinn le breis is 100 bliain anuas. Agus súil siar á caitheamh ar rathúlacht na gcur chuige agus na bpolasaithe éagsúla, is léir go raibh thuas seal agus thíos seal ag an oideachas lán-Ghaeilge sa tréimhse sin. Ó na 1980idí i leith, tá suim athfhuascailte san oideachas lán-Ghaeilge agus tá gluaiseacht an oideachais lán-Ghaeilge tar éis dul i neart. Is léir go bhfuil ról lárnach ag scoileanna lán-Ghaeilge in úsáid na teanga a chur chun cinn agus bród a bpobail scoile a chothú ina n-oidhreacht Ghaelach.

Tá na páistí agus na daoine óga atá ag freastal ar na scoileanna lán-Ghaeilge seo á gcumasú agus á misniú, trí eispéireas tumoideachais sa teanga, le freagairt go muiníneach trí Ghaeilge do dheiseanna agus do dhúshláin an aonú haois is fiche. Aithnítear go bhfuil an méid seo bainte amach a bhuí le fís na gceannairí scoile, tiomantas na múinteoirí, rannpháirtíocht ghníomhach na dtuismitheoirí, spreagadh phobal na Gaeilge agus tacaíocht na Roinne Oideachais.

Tuigtear chomh maith, áfach, ceal caighdeáin sheasmhacha a bheith leagtha amach don earnáil, go bhfuil éagsúlacht cleachtas agus caighdeán ann maidir le soláthar gnéithe áirithe den oideachas trí mheán na Gaeilge. Sa léirbhreithniú a rinneadh ar thuairiscí cigireachta ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge a foilsíodh ó 2017 go 2020, aithníodh, mar shampla, go raibh gá ann an tumoideachas a threisiú sna ranganna sóisearacha agus an t-aistriúchán a sheachaint mar mhodh múinte. Sa léirbhreithniú a rinneadh ar na tuairiscí cigireachta do na hiar-bhunscoileanna don tréimhse chéanna, aithníodh an riachtanas atá ann an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a neartú - go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil.

## Teachtaireachtaí ón gcomhairliúchán agus ón taighde

Aithníodh sa taighde idirnáisiúnta gur baineadh torthaí suntasacha fáis amach san oideachas trí mheán na Bascaise in imeacht 40 bliain. Ceann de na tosca a chabhraigh leis an bhfás sin ná gur cinntíodh go mbeadh ard-chaighdeán oideachais á sholáthar sna scoileanna lán-Bhascaise, agus mar gheall air sin go mbeadh na scoileanna sin mar chéad rogha ag tuismitheoirí dá bpáistí.

I gcás na ndlínsí ina bhfuil an tumoideachas seanbhunaithe, tá creataí i bhfeidhm ina leagtar amach an cur chuige maidir leis an tumoideachas, rud a chabhraíonn le soiléireacht a thabhairt do thuismitheoirí faoin saghas oideachais atá i gceist.

Sa Bhreatain Bheag, mar shampla, caithfidh scoileanna a bheith an-soiléir faoin gcéatadán den churaclam atá á mhúineadh trí Bhreatnais, faoi theanga chumarsáide na scoile agus faoin teanga ina n-eagraítear imeachtaí seach-churaclaim. Leagtar amach creat le múnlaí éagsúla agus caighdeáin. Mar shampla, i scoileanna Catagóir 3 (a bheadh cosúil le scoileanna lán-Ghaeilge) bíonn luath-thumadh iomlán i gceist,

ó aois 7 múintear 80% de na hábhair trí Bhreatnais agus bíonn éiteas láidir Breatnaise sna scoileanna.

I gceantar an Toronto School District Board i gCeanada, bíonn an luath-thumoideachas iomlán san Fhraincis i gceist a thosaíonn i gCiondargairdín agus a leanann go deireadh ghrád 3. Tosaíonn staidéar foirmiúil ar an mBéarla i ngrád 4 agus leanann an clár go dtí deireadh ghrád 8 le 50% den churaclam á mhúineadh trí Fhraincis agus 50% trí Bhéarla.

Mhol rannpháirtithe sa chomhairliúchán go rachadh sé chun sochair an chórais, caighdeáin agus creat cáilíochta maidir leis an tumoideachas a leagan síos do scoileanna lán-Ghaeilge.

## Treo an pholasaí

Nuair a foilsíodh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta in 2016, cuireadh béim ar leith ar an ról atá ag scoileanna chun oideachas ard-chaighdeáin trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal i gcoitinne. Chun an ról seo a chomhlíonadh, ba léir go raibh gá le critéir a leagan amach do scoileanna Gaeltachta le go gcinnteofaí soláthar oideachais ar ard-chaighdeán trí mheán na Gaeilge d'aos óg na Gaeltachta. Cé nach mar an gcéanna an comhthéacs teanga lasmuigh den Ghaeltacht, aithnítear an ról tábhachtach atá ag scoileanna lán-Ghaeilge chun soláthar oideachais d'ard-chaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil. Cé nach bhfuil sé i gceist scéim aitheantais a bheith ann do scoileanna lán-Ghaeilge faoin bpolasaí nua, aithnítear an tábhacht a bhaineann le caighdeáin a leagan síos a thacódh le scoileanna soláthar oideachais lán-Ghaeilge ar ard-chaighdeán a chur ar fáil.

Agus aghaidh á tabhairt againn ar chomhsheasmhacht chur chuige sa tumoideachas a bhaint amach inár scoileanna lán-Ghaeilge, is féidir linn tarraingt ar a bhfuil foghlamtha ó chur i bhfeidhm na gcritéar teanga-bhunaithe don tumoideachas ag na scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus leas a bhaint as an gcleachtas éifeachtach agus an cur chuige nuálach atá le feiceáil i gcuid mhaith de na scoileanna sin.

Beidh táscairí dea-chleachtais á leagan amach, mar a cuireadh ar fáil do scoileanna Gaeltachta, a thabharfaidh treoir agus slat tomhais do scoileanna lán-Ghaeilge cleachtas ar ard-chaighdeán a bhaint amach. Leagfar béim i gcur i bhfeidhm an pholasaí nua ar an bpróiseas féinmheastóireachta scoile mar mhúnla iontaofa a chuireann ar chumas scoileanna barr feabhais a bhaint amach.

Le linn meastóireachtaí scoile, déanfaidh an Chigireacht measúnú ar éifeacht agus ar chaighdeán sholáthar an oideachais trí mheán na Gaeilge. Tabharfar comhthéacs gach scoile san áireamh nuair a bheidh measúnuithe á ndéanamh ar chur i bhfeidhm an tumoideachais. Aithneofar an dea-chleachtas agus déanfar moltaí chun feabhais, de réir mar is cuí.

D'fhoilsigh Cigireacht na Roinne tuairiscí ilchodacha in 2021 ar chuairteanna cigireachta ar scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Aithníodh roinnt

réimsí feabhais iontu a mbeifear in ann díriú orthu nuair a bheidh an treoir agus na táscairí dea-chleachtais á bhforbairt do scoileanna lán-Ghaeilge. Áirítear leis seo:

- Dea-chleachtas i gcur i bhfeidhm an luath-thumoideachais iomláin
- An Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an tsóisialaithe
- Cuir chuige rathúla measúnaithe a fhorbairt agus a threisiú do chomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge
- Freastal go héifeachtach ar riachtanais speisialta oideachais i gcomhthéacs an oideachais trí Ghaeilge.

# 3.2 Freastal ar riachtanais speisialta oideachais

## An staid reatha

Dearbhaíodh i dtaighde a d'fhoilsigh Nic Aindriú *et al* in 2020[1] go bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach d'fhoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais. Tá scoileanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre ag freastal go héifeachtach ar pháistí agus ar dhaoine óga a bhfuil RSO acu faoi láthair.

Cuireann na seirbhísí tacaíochta – An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) go háirithe – tacaíocht ar fáil do scoileanna trí mheán na Gaeilge a mhéid is féidir, cé go n-aithníonn siad go mbíonn dúshláin ann é sin a dhéanamh go cuimsitheach. Mar shampla, tá treoir foilsithe ag SNSO i nGaeilge do scoileanna lán-Ghaeilge maidir le tacú le foghlaimeoirí uathacha.

Thionóil Gaeloideachas, i gcomhar le COGG, comhdháil dírithe ar RSO i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta le blianta beaga anuas, rud a thacaíonn le roinnt an dea-chleachtais sa réimse seo. Tá treoir thaighdebhunaithe á forbairt ag COGG, le hionchur ó SNSO, ó CNOS agus ó shaineolaithe eile, maidir le freastal ar fhoghlaimeoirí le RSO i mbunscoileanna Gaeltachta. Tá sé seo le foilsiú roimh dheireadh 2024.

Tá obair nuálach ar siúl go leanúnach ag taighdeoirí maidir le húsáid na teicneolaíochta chun tacú le foghlaimeoirí le RSO. Tá áiseanna fíor-fhiúntacha forbartha ag an tionscadal ABAIR.ie i gColáiste na Tríonóide a bhaineann leas as teicneolaíochtaí urlabhra agus teanga don Ghaeilge chun tacú le daoine le disléicse agus le daoine uathacha, mar shampla.

Maidir le RSO a aithint, is léir go bhfuil gá le níos mó uirlisí measúnaithe a fhorbairt, agus chuige sin, tá obair ar siúl ag an bhForas Taighde ar Oideachas chun tuilleadh acmhainní measúnaithe a fhorbairt agus uasdátú a dhéanamh ar a bhfuil ann cheana.

## Teachtaireachtaí ón gcomhairliúchán agus ón taighde

Bunaithe ar an taighde idirnáisiúnta, moladh gur cheart go nglacfaí cur chuige ionchuimsitheach i scoileanna lán-Ghaeilge maidir le freastal ar pháistí agus ar dhaoine óga le RSO. Moladh go gcuirfí ar chumas scoileanna freastal ar riachtanais gach dalta/scoláire, agus go mbeadh na tacaíochtaí cuí á gcur ar fáil dóibh, rud a bheadh ag teacht le cur chuige na Roinne Oideachais maidir le RSO i gcoitinne.

---

[1] Nic Aindriú, S., Ó Duibhir, P., & Travers, J. (2020). The prevalence and types of special educational needs in Irish immersion primary schools in the Republic of Ireland. *European Journal of Special Needs Education*, 1-17. https://doi.org/10.1080/08856257.2020.1732109

Reáchtáladh grúpa fócais mar chuid den chomhairliúchán le plé sonrach a dhéanamh ar RSO. Tháinig réimse leathan moltaí ó na rannpháirtithe sa phlé sin, a bhí ag teacht leis na moltaí a bhí le cloisteáil sna tréimhsí eile den chomhairliúchán. Moladh, mar shampla:

- Go gcuirfí leis na deiseanna foghlama gairmiúla atá ar fáil do mhúinteoirí agus d'ábhair oide maidir le freastal ar pháistí agus ar dhaoine óga a bhfuil RSO acu i suíomhanna tumoideachais
- Go bhforbrófaí níos mó tástálacha diagnóiseacha trí Ghaeilge
- Go gcuirfí níos mó treorach ar fáil do scoileanna i dtaobh dea-chleachtais maidir le tacú le foghlaimeoirí le RSO
- Go ndéanfaí tuilleadh taighde faoi RSO i suíomhanna tumoideachais.

Cé go léirítear sa taighde go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta go bhfuil an tumoideachas oiriúnach do pháistí agus do dhaoine óga a bhfuil RSO acu, ba léir ó na freagraí ar na ceistneoirí go bhfuil easpa eolais ann mar gheall air sin. Níor aontaigh ach 52% de na freagróirí ar an gceistneoir leis an ráiteas "Is féidir leis an oideachas lán-Ghaeilge freastal go héifeachtach ar leanaí agus ar dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu", agus chuir tuismitheoirí áirithe in iúl nár roghnaigh siad an t-oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí de bhrí go raibh RSO acu. Is léir, chomh maith, go dtarlaíonn sé fós uaireanta go gcuirtear comhairle ar thuismitheoirí gan an t-oideachas lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí má tá RSO acu. Mhol páirtithe leasmhara go gcuirfí feachtas feasachta ar bun chun na míthuiscintí seo a chur ina cheart.

## Treo an pholasaí

Le cinntiú go bhfuil oideachas ionchuimsitheach ar ard-chaighdeán á chur ar fáil, is gá freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí go léir. Faoin bpolasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, cuirfear dlús leis na hiarrachtaí reatha trasna na hearnála chun tacú le scoileanna lán-Ghaeilge freastal ar fhoghlaimeoirí a bhfuil RSO acu.

Cuirfear straitéis chumarsáide agus éascaithe ar bun le hoiriúnacht an oideachais lán-Ghaeilge d'fhoghlaimeoirí a bhfuil RSO acu a léiriú. Tógfaidh an straitéis seo ar an obair atá ar siúl ag eagraíochtaí ar nós Gaeloideachais agus COGG sa réimse seo faoi láthair. Díreofar sa straitéis ar theaghlaigh ina bhfuil páistí agus daoine óga le RSO, agus chomh maith leis sin ar ghairmithe oideachais agus leighis a chuireann comhairle ar na teaghlaigh sin.

Fiosrófar na bealaí eile a bhféadfaí a chinntiú go bhfuil cur amach ag múinteoirí agus ábhair oide ar na cuir chuige is fearr le freastal ar fhoghlaimeoirí a bhfuil RSO acu. Bunaithe air sin, cuirfear réimse gníomhartha ar bun, i gcomhar leis na seirbhísí agus na hinstitiúidí cuí, chun tabhairt faoi seo.

Fiosrófar na bearnaí atá ann maidir le huirlisí measúnaithe agus maidir le hacmhainní tacaíochta don RSO; aithneofar na bealaí is éifeachtaí leis na bearnaí sin a líonadh, agus cuirfear gníomhartha i bhfeidhm dá réir. Tógfar ar an gcomhoibriú tras-teorann maidir leis na háiseanna seo a fhorbairt.

Cuirfear an treoir atá forbartha ag COGG do bhunscoileanna sa Ghaeltacht in oiriúint don chomhthéacs i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, agus cuirfear deiseanna FGM breise ar fáil do mhúinteoirí, a bheidh bunaithe ar an treoir sin agus ar chomhairle na Cigireachta agus na bhfoirne polasaí cuí. Déanfar treoir a fhorbairt d'iar-bhunscoileanna ar an múnla céanna.

# 3.3 Tacaíochtaí do scoileanna

## An staid reatha

Tá tacaíochtaí ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge, do mhúinteoirí, agus do cheannairí scoile ó réimse leathan eagraíochtaí – COGG, Oide, CNOS, SNSO, Gaeloideachas, ionaid tacaíochta oideachais, pátrúin, agus eagraíochtaí bainistíochta ina measc.

Bunaíodh COGG le go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá feidhmeanna maidir le múineadh na Gaeilge i scoileanna eile na tíre ag COGG chomh maith. Cuireann COGG réimse leathan tacaíochtaí ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge – acmhainní, ceardlanna, comhdhálacha agus cúrsaí Gaeilge do mhúinteoirí ina measc.

Cuireann Oide – an tseirbhís tacaíochta nua do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile – réimse leathan deiseanna foghlama gairmiúla ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Bunaíodh An GaelAonad mar rannóg nua ar leith i struchtúr eagraíochtúil Oide chun tacú leis na riachtanais foghlama ghairmiúla a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs lán-Ghaeilge, chomh maith le réimse curaclaim na Gaeilge.

Cuireann na hionaid tacaíochta oideachais réimse deiseanna foghlama gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí ar fud na tíre, lena n-áirítear cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí ar ábhair éagsúla trí mheán na Gaeilge. Bíonn na hionaid tacaíochta ag comhoibriú le heagraíochtaí eile chun deiseanna foghlama gairmiúla a éascú.

Tá clár M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta á reáchtáil i gColáiste na Tríonóide. Reáchtáladh an clár i gColáiste Mhuire gan Smál ó 2018-2024. Bunaíodh an clár seo, atá dírithe ar mhúinteoirí agus ar phríomhoidí atá ag obair i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, agus cuireann an Roinn maoiniú ar fáil dó faoin bpolasaí sin.

Braitear, i roinnt cásanna, go bhfuil easpa feasachta ann faoi na tacaíochtaí atá ar fáil a chuirfeadh ar chumas na múinteoirí a gcumas teanga agus a dtuiscint ar an tumoideachas a fhorbairt.

Cuireann an Roinn Oideachais tacaíochtaí sonracha ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear ráta caipitíochta níos airde do bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus Deontais don Oideachas Lán-Ghaeilge agus don Oideachas Dátheangach do mheánscoileanna deonacha (cé nach bhfuil sé seo ar fáil faoi láthair do scoileanna pobail, scoileanna cuimsitheacha ná scoileanna BOO).

Cuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) tacaíochtaí ar fáil don earnáil oideachais lán-Ghaeilge, go príomha trí mhaoiniú a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge agus, tríd siúd, do na ceanneagraíochtaí Gaeilge. Tá cúram ar leith ar Ghaeloideachas sa réimse seo mar cheanneagraíocht ainmnithe le freagracht don oideachas lán-Ghaeilge.

## Teachtaireachtaí ón gcomhairliúchán agus ón taighde

Aithníodh roinnt múnlaí éagsúla sa taighde idirnáisiúnta atá in úsáid chun tacú le scoileanna a mhúineann trí mhionteanga, mar shampla:

- Deiseanna sabóideacha a bhíonn ar fáil do mhúinteoirí sa Bhreatain Bheag agus i dTír na mBascach chun a gcumas teanga a fhorbairt
- Tograí amhail *Ulibarri* i dTír na mBascach chun pleanáil teanga agus normalú teanga a chur chun cinn i scoileanna agus chun líonraí a chothú idir scoileanna
- Treoir agus tacaíochtaí do scoileanna i *Fryslân* san Ísiltír ar mhaithe leo aistriú go scoileanna trí-theangacha (Freaslainnis, Ollainnis agus Béarla).

Tháinig réimse leathan moltaí ón gcomhairliúchán maidir leis na tacaíochtaí a mheas na páirtithe leasmhara a bheadh tairbheach do scoileanna lán-Ghaeilge, mar shampla:

- Go leathnófaí na Deontais don Ghaeloideachas agus don Oideachas Dátheangach go scoileanna pobail, scoileanna cuimsitheacha agus scoileanna BOO
- Go gcuirfí na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna Gaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht
- Go bhforbrófaí caighdeáin don tumoideachas do scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a bheadh bunaithe ar an dea-chleachtas.

Maidir le deiseanna foghlama gairmiúla, moladh go gcuirfí deiseanna ar fáil do mhúinteoirí agus do bhaill foirne i scoileanna lán-Ghaeilge forbairt a dhéanamh ar a gcumas teanga. Moladh, chomh maith, go gcuirfí deiseanna breise ar fáil do mhúinteoirí a dtuiscint ar oideolaíocht an tumoideachais a neartú. Éilíodh go gcuirfí FGM ar fáil i nGaeilge ag an am céanna is a chuirtear ar siúl i mBéarla é. Tá sé suntasach go dtuairiscíodh le linn an chomhairliúcháin nach mbíonn éileamh láidir ar chúrsaí FGM a reáchtáiltear trí Ghaeilge sna hionaid tacaíochta oideachais áitiúla de ghnáth.

Aithníodh imní faoin rogha teoranta ábhar in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge mar chúis nár roghnaigh scoláirí freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge (tar éis dóibh freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge), imní a luaigh tuismitheoirí chomh maith. Moladh iniúchadh a dhéanamh ar thionscadal an ríomh-mhoil, atá ar fáil do scoileanna Gaeltachta, chun cur leis an rogha ábhar.

## Treo an pholasaí

Beidh sé mar sprioc uileghabhálach sa pholasaí, oideachas ar ard-chaighdeán a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga a fhreastalaíonn ar shuíomhanna oideachais lán-Ghaeilge. Chun é seo a bhaint amach, cuirfear scéim tacaíochta ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge, a chuirfidh tacaíochtaí ábhartha ar fáil dóibh, faoi mar a dhéantar do scoileanna Gaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta.

Agus an scéim seo á dearadh, beifear in ann tarraingt ar an saineolas atá forbartha san earnáil maidir leis na scoileanna Gaeltachta, agus ar na tacaíochtaí atá á gcur ar fáil do na scoileanna úd, mar shampla treoir agus tacaíochtaí do chur i bhfeidhm an tumoideachais, agus an tionscadal ríomh-mhoil.

Cuirfear réimse beartais ar bun faoin bpolasaí chun tacú le múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge na scileanna, na modheolaíochtaí agus na hinniúlachtaí cuí a fhorbairt, a chuirfidh ar a gcumas oideachas ar ard-chaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil dá ndaltaí agus dá scoláirí. Áireofar leis seo deiseanna foghlama gairmiúla a chuirfidh Oide ar fáil, chomh maith le tacaíochtaí spriocdhírithe ó COGG. Tacófar le COGG, leis an nGaelAonad nua in Oide, agus leis na seirbhísí tacaíochta eile (lena n-áirítear, mar shampla, CNOS, SNSO, BOOÉ agus na hionaid tacaíochta oideachais), chun riachtanais na hearnála a aithint agus chun freastal orthu.

Faoi láthair, cuireann an Roinn Oideachais Deontais don Ghaeloideachas agus don Oideachas Dátheangach ar fáil do scoileanna in earnáil na meánscoileanna deonacha. Fiosrófar na féidearthachtaí maidir leis seo a leathnú go dtí na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge go léir faoin bpolasaí.

Céimeanna tábhachtacha ar aistear na foghlama iad an t-aistriú ó fhoghlaim agus cúram na luath-óige chuig an mbunscolaíocht agus ón mbunscolaíocht ar aghaidh chuig an iar-bhunscolaíocht. I gcás an oideachais lán-Ghaeilge, tá gá le hullmhúcháin ar leith le go mbeidh an t-aistriú chomh dearfach agus is féidir. Cuirfear treoir ar fáil a dhíreoidh ar chomhthéacs sainiúil teanga na scoileanna lán-Ghaeilge, d’fhonn tacú leis na scoileanna na tréimhsí aistrithe seo a éascú dá ndaltaí agus dá scoláirí.

# 3.4 Acmhainní teagaisc agus foghlama

## An staid reatha

Is í COGG an maoinitheoir agus an forbróir is mó acmhainní don oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta sa tír. Oibríonn COGG go dlúth leis An Gúm, le CCEA (Council for the Curriculum, Examinations & Assessment, Tuaisceart na hÉireann) agus leis An tÁisaonad i gColáiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste, mar aon le foilsitheoirí eile. Tá dul chun cinn as cuimse déanta sa réimse seo ag COGG, i gcomhar leis na foilsitheoirí, le 20 bliain anuas, cé go bhfuil gá go fóill cur le réimse agus scóip na n-acmhainní.

Tá forbairt déanta ag COGG le roinnt blianta anuas ar acmhainní digiteacha a fhorbairt, agus tá breis is 2,000 acmhainn anois ar fáil ar líne ar *An Tairseach*. Tá obair ar siúl chun cur le líon na n-acmhainní atá ar fáil agus chun eolas ar *An Tairseach* a scaipeadh.

Is áis an-saibhir í TG4 Foghlaim, ar a bhfuil ábhar oideachasúil ar fáil trí mheán na Gaeilge do pháistí agus do dhaoine óga. Tá nasc á chothú idir TG4 agus COGG chun comhoibriú agus comhtháthú a chinntiú ar fhorbairt na n-acmhainní seo le húsáid i scoileanna.

## Teachtaireachtaí ón gcomhairliúchán agus ón taighde

Aithníodh san athbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta a thábhachtaí is atá sé áiseanna a chur ar fáil don suíomh tumoideachais. Baineann sé seo le háiseanna digiteacha chomh maith le téacsleabhair. Luadh aipeanna, cluichí digiteacha, ríomhleabhair agus cláir theanga mar acmhainní a d’fhéadfadh a bheith tairbheach. Moladh, chomh maith, go raibh gá le taighde a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta sa suíomh tumoideachais.

D’aontaigh thart ar leath de na rannpháirtithe sa cheistneoir ar líne nach raibh dóthain acmhainní teagaisc ar fáil, agus d’aontaigh 58% de na rannpháirtithe nach raibh dóthain acmhainní digiteacha ar fáil. Bunaithe ar phlé níos leithne i ngrúpaí fócais agus i gcruinnithe déthaobhacha, is cosúil go bhfuil dhá thoisc le cur san áireamh anseo. Is cinnte go bhfuil gá le forbairt a dhéanamh ar líon na n-acmhainní teagaisc agus foghlama atá ar fáil, ach is léir chomh maith go bhfuil gá le feasacht a ardú faoi na hacmhainní atá ann cheana.

Bhí acmhainní teagaisc agus foghlama go mór idir chamáin sna grúpaí fócais leis na scoláirí iar-bhunscoile, áit ar aithin formhór na rannpháirtithe go raibh deacrachtaí leis na hacmhainní atá ar fáil. I measc na bpointí a luadh, dúradh:

- nach raibh téacsleabhair i nGaeilge ar fáil do gach ábhar
- go raibh níos mó áiseanna ar líne ag teastáil i nGaeilge
- nach raibh roinnt de na téacsleabhair i nGaeilge suas chun dáta

- go raibh an téarmaíocht sna téacsleabhair an-deacair, agus go raibh difríochtaí, uaireanta, idir an téarmaíocht sna téacsleabhair agus an téarmaíocht sna scrúduithe stáit
- nach raibh páipéir shamplacha scrúduithe nó páipéir do na bréagscrúduithe ar fáil i nGaeilge i ngach ábhar.

## Treo an pholasaí

Tá sé ar intinn, ag brath ar chúinsí buiséid, go gcuirfí acmhainní breise ar fáil do COGG faoin bpolasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, a chuirfidh ar a gcumas dlús a chur leis an obair atá ar siúl acu maidir le soláthar téacsleabhar agus acmhainní, lena n-áirítear acmhainní digiteacha. Beidh sé seo tábhachtach sna blianta atá romhainn, go háirithe, le hathbhreithniú á dhéanamh ar na sonraíochtaí ábhar don Ardteistiméireacht, le hathfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, agus le sonraíochtaí curaclam nua á dtabhairt isteach faoi Chreatchuraclam na Bunscoile.

Cuirfear le foireann COGG le cur ar a gcumas *An Tairseach* a fhorbairt níos mó, agus chun feachtas margaíochta a chur ar bun a chinnteoidh go mbeidh feasacht san earnáil ar na háiseanna (clóite agus digiteach) atá ar fáil. Treiseoidh COGG na naisc atá cothaithe acu leis An Gúm, le CCEA, leis an Áisaonad, le TG4, agus leis na foilsitheoirí oideachais ionas go mbainfear an leas is fearr agus is féidir as na hacmhainní atá ar fáil.

Iarrfar ar COGG oibriú leis an CNCM, le Coimisiún na Scrúduithe Stát agus le haistritheoirí chun struchtúr a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go mbeidh an téarmaíocht chéanna in úsáid i bpáipéir scrúdaithe, i sonraíochtaí ábhar, agus i dtéacsleabhair.

Tá an-leas bainte ag scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge as an gclár *Séideán Sí.* Chun a chinntiú go mbeidh sí go fóill ina háis luachmhar do scoileanna amach anseo, déanfar í a athbhreithniú agus a uasdátú i bhfianaise na n-athruithe curaclaim agus digiteacha atá tarlaithe ó foilsíodh í den chéad uair.

Sa Phlean Digiteach don Ghaeilge, a d'fhoilsigh RTCEGSM in 2024, luaitear maidir le forbairt áiseanna go bhfuil "dlúth-chomhoibriú de dhíth idir taighdeoirí agus líonraí ina bhfuil foghlaimeoirí, múinteoirí, lucht deartha ábhair teagaisc" chun a chinntiú go mbeidh ábhair theagaisc den chéad scoth á gcur ar fáil, agus go mbainfear úsáid fhorleathan as na háiseanna sin. Ag eascairt as an taighde idirnáisiúnta a rinne Sealbhú mar bhonn eolais don pholasaí seo, moladh go ndéanfaí taighde ar úsáid acmhainní digiteacha i suíomhanna tumoideachais. Bheadh sé i gceist go gcuirfí maoiniú ar fáil faoin bpolasaí chun an taighde sin a chur i gcrích, taighde gnímh ach go háirithe, rud a thacóidh le mianta an Phlean Dhigitigh a chur i bhfeidhm.

# 3.5 Sciar na bhfoghlaimeoirí atá ag fáil oideachas trí mheán na Gaeilge a mhéadú

## An staid reatha

D’fhoilsigh an Roinn Oideachais léargas cuimsitheach ar staid an oideachais lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht sa tuarascáil a foilsíodh in 2022 mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

De réir na bhfigiúirí don scoilbhliain 2023/24, tá 6% de dhaltaí/scoláirí ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge trasna na tíre. Tugtar tuilleadh sonraí i dTábla 1 agus i dTábla 2 thíos.

| | Scoileanna Gaeltachta | Scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht | Iomlán i scoileanna lán-Ghaeilge | Iomlán i ngach scoil |
|---|---|---|---|---|
| Bunscoileanna | 6,962 | 36,467 | 43,429 | 546,787 |
| Iar-bhunscoileanna | 3,770 | 10,466 | 14,236 | 416,631 |
| **Iomlán** | **10,732** | **46,933** | **57,665** | **963,418** |

*Tábla 1 - Líon na ndaltaí/scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge sa scoilbhliain 2023/24*

| | Scoileanna Gaeltachta | Scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht | Iomlán i scoileanna lán-Ghaeilge | Iomlán i scoileanna mean-Bhéarla |
|---|---|---|---|---|
| Bunscoileanna | 1.3% | 6.7% | 7.9% | 92.1% |
| Iar-bhunscoileanna | 0.9% | 2.5% | 3.4% | 96.6% |
| **Iomlán** | **1.1%** | **4.9%** | **6.0%** | **94.0%** |

*Tábla 2 - Céatadán na ndaltaí/scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge sa scoilbhliain 2023/24*

Tá 152 bunscoil lán-Ghaeilge agus 29 iar-bhunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Tá roinnt oideachais trí mheán na Gaeilge á sholáthar in aonaid agus sruthanna lán-Ghaeilge i roinnt iar-bhunscoileanna meán-Bhéarla trasna na tíre faoi láthair. Níl comhsheasmhacht ann maidir le conas atá na múnlaí seo á gcur i bhfeidhm sna scoileanna ná maidir leis an tacaíocht atá á cur ar fáil ag an Roinn dóibh. Tá múnla nua – múnla satailíte – á phíolótú faoi láthair i nGaelcholáiste Dhún Dealgan, atá

nasctha le Coláiste Ghlór na Mara i mBaile Brigín. Táthar ag súil go mbeidh foghlaim ón múnla nua seo a rachaidh i bhfeidhm ar chinntí maidir le soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge amach anseo.

Cé go raibh ró-éileamh ar líon áirithe scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht sa scoilbhliain 2023/24, bhí ró-éileamh ar sciar níos lú scoileanna lán-Ghaeilge ná mar a bhí ar scoileanna meán-Bhéarla cosúla. Ag an mbunleibhéal, bhí ró-éileamh ar thart ar 18% de na scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá formhór na mbunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht i suíomhanna uirbeacha, agus thuairiscigh os cionn 20% de scoileanna meán-Bhéarla i suíomhanna uirbeacha go raibh ró-éileamh orthu. Ag an iar-bhunleibhéal, thuairiscigh thart ar 17% de scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (5 scoil) go raibh ró-éileamh orthu in 2023/24, i gcomparáid le breis is 40% de scoileanna meán-Bhéarla.

## Teachtaireachtaí ón gcomhairliúchán agus ón taighde

Mhol na rannpháirtithe sa chomhairliúchán go bhféadfaí cur leis an rannpháirtíocht san oideachas lán-Ghaeilge trí fheachtas feasachta a sheoladh ionas go dtuigfeadh tuismitheoirí na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas, agus nach gá go mbeadh Gaeilge ag tuismitheoirí le go mbeadh an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach dá bpáistí.

Tháinig sé chun solais sa chomhairliúchán nach leanann roinnt scoláirí ar aghaidh ón mbunscoil lán-Ghaeilge go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge toisc go gceapann a dtuismitheoirí nach n-ullmhódh an iar-bhunscolaíocht trí Ghaeilge iad do chúrsaí trí Bhéarla ag an tríú leibhéal. Moladh go bhféadfaí plé le ceisteanna mar seo mar chuid d’fheachtas feasachta faoi bhuntáistí an oideachais lán-Ghaeilge.

Tháinig moltaí chun cinn ó gach tréimhse den phróiseas comhairliúcháin maidir le soláthar an oideachais lán-Ghaeilge. I measc nithe eile, moladh:

- go ndéanfaí na múnlaí éagsúla do sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge a shainmhíniú
- go leagfaí amach caighdeáin choincréiteacha maidir le soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge
- go gcuirfí go suntasach le líon na n-áiteanna atá ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge
- go dtabharfaí tosaíocht d’iar-bhunscoileanna neamhspleácha lán-Ghaeilge a thógáil seachas díriú ar aonaid
- go dtabharfaí tacaíochtaí agus treoir shoiléir do scoileanna meán-Bhéarla a bhfuil aonaid iontu, le cinntiú go mbeidís inbhuanaithe agus go mbeadh eispéireas tumoideachais ar ard-chaighdeán ar fáil iontu
- go gcuirfí tacaíochtaí agus treoir ar fáil do scoileanna meán-Bhéarla ar mhaithe leo athrú ina scoileanna lán-Ghaeilge.

## Treo an pholasaí

Chun sciar na ndaltaí/scoláirí atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge a mhéadú, aithnítear go mbeidh gá le tuismitheoirí a mhisniú agus a spreagadh an rogha sin a dhéanamh dá bpáistí. Iarrfar ar COGG, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara cuí, straitéis chumarsáide agus éascaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge a roinnt go forleathan agus chun teaghlaigh a spreagadh é a roghnú dá bpáistí.

Breathnófar faoin bpolasaí ar bhealaí éagsúla chun níos mó deiseanna a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga oideachas a fháil trí mheán na Gaeilge. Rachfar i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun réitigh oiriúnacha do chomhthéacsanna difriúla a mheas (mar shampla, leibhéil éagsúla éilimh agus spásanna atá ar fáil i scoileanna atá ann cheana) ar bhealach a chuirfidh na srianta éagsúla atá i bhfeidhm san áireamh.

Fiosrófar na bealaí is éifeachtaí don Roinn Oideachais tacú le fás agus le forbairt na hearnála lán-Ghaeilge, agus na struchtúr rialachais is oiriúnaí chuige sin.

Cuirfear gníomhartha chun cinn ar bhonn céimnithe le cinntiú go mbeidh na hacmhainní cuí ar fáil agus go mbeifear in ann oideachas ar ard-chaighdeán a chur ar fáil do na daltaí/scoláirí breise a bheidh sa chóras.

# 3.6 Soláthar múinteoirí (lena n-áirítear oiliúint tosaigh múinteoirí)

## An staid reatha

Tá beagnach 3,000 múinteoir (coibhéis lánaimseartha) ag múineadh i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht faoi láthair (thart ar 2,200 múinteoir bunscoile agus 760 múinteoir iar-bhunscoile).

Níl aon cháilíocht bhreise ag teastáil le múineadh i scoil lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal. Tá gach múinteoir bunscoile in ainm is a bheith oilte le múineadh trí mheán na Gaeilge. Tá clár B.Oid. (bunmhúinteoireacht) trí mheán na Gaeilge ar fáil in Institiúid Oideachais Marino – clár a bunaíodh faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, agus atá á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais faoin bpolasaí sin.

Ag leibhéal na bunscoile, cé go bhfuil gach múinteoir cáilithe le múineadh i scoil lán-Ghaeilge, is léir go bhfuil sciar suntasach de mhúinteoirí nach mbraitheann go bhfuil cumas ard go leor acu sa Ghaeilge chun é sin a dhéanamh. Tá sé seo ag tarlú ainneoin go bhfuil caighdeán iontrála sa Ghaeilge leagtha amach don B.Oid. agus don MGO don bhunmhúinteoireacht, agus in ainneoin na dtacaíochtaí (tréimhsí Gaeltachta san áireamh) a chuirtear ar fáil don teanga le linn na gclár sin.

Ag an iar-bhunleibhéal, éilítear go mbeidh an Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile (TGMI) ag múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge, chomh maith leis an gcáilíocht oiliúna tosaigh múinteoirí[2]. Níl sé soiléir, áfach, an bhfuil an riachtanas seo á chur i bhfeidhm go seasmhach i ngach scoil, agus is léir go bhfuil easpa feasachta ann faoin riachtanas. Tá clár oiliúna tosaigh múinteoirí comhleanúnach amháin don iar-bhunleibhéal ar fáil trí mheán na Gaeilge – an Máistir Gairmiúil san Oideachas in Ollscoil na Gaillimhe. Cuireann COGG sparánachtaí ar fáil do mhic léinn atá ag tabhairt faoin gclár seo. Tá cláir chomhthráthacha ar fáil in institiúidí eile a oileann múinteoirí mar mhúinteoirí don Ghaeilge le hábhar eile.

Tá deacrachtaí ag leibhéal na hiar-bhunscoile maidir le hinniúlacht agus muinín múinteoirí sa teanga, agus dúshláin bhreise ann ó thaobh sainteanga na n-ábhar de, gné a bhíonn ag teastáil ag leibhéal ard-inniúlachta chun ábhair a mhúineadh go leibhéal na hArdteisiméireachta.

## Teachtaireachtaí ón gcomhairliúchán agus ón taighde

Is léir ón athbhreithniú ar an taighde idirnáisiúnta go bhfuil dúshláin le sárú maidir le soláthar múinteoirí cuí i mbeagnach gach tír ina bhfuil an tumoideachas trí mheán

[2] Bronntar saoirse ón scrúdú don Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile ar iarrthóirí a bhfuil céim sa Ghaeilge acu nó a bhfuil pas faighte acu sa scrúdú cainte sa Ghaeilge le haghaidh cláraitheachta mar mheánmhúinteoir, sa scrúdú cainte don Teastas i dTeagasc na Gaeilge, nó sa bhéaltriail don Cheard-Teastas Gaeilge.

teanga mhionlaigh á chur ar fáil. Tá na dúshláin seo ag teacht sa mhullach ar na dúshláin reatha atá ann maidir le soláthar múinteoirí do gach earnáil i mórán tíortha.

Léiríodh sa taighde idirnáisiúnta go gcuirtear cláir oiliúna tosaigh múinteora ar fáil trí mheán na teanga mhionlaigh, agus go gcuirtear dreasachtaí ar fáil i roinnt dlínsí chun mic léinn a mhealladh tabhairt fúthu.

Tháinig teachtaireachtaí chun tosaigh ón gcomhairliúchán maidir le dhá ghné d'oiliúint mhúinteoirí – an gá atá ann cur le hinniúlacht agus le muinín múinteoirí sa teanga, agus na riachtanais bhreise a bhíonn ag múinteoirí i gcomhthéacs an tumoideachais (straitéisí oideolaíocha tumoideachais a fhorbairt, cuir chuige éifeachtacha a dhearadh do mhúineadh teanga agus ábhair ar bhonn comhtháite, úsáid shóisialta na Gaeilge i measc páistí agus daoine óga a chur chun cinn, etc.).

Maidir le soláthar agus oiliúint tosaigh múinteoirí, moladh, i measc nithe eile:

- Go gcuirfí deiseanna breise ar fáil d'ábhair oide a gcumas agus a muinín sa Ghaeilge a fhorbairt
- Go dtabharfaí deiseanna d'ábhair oide taithí a fháil i suíomhanna lán-Ghaeilge
- Go mbunófaí tuilleadh cláir OTM trí mheán na Gaeilge
- Go dtabharfaí ar ais an liúntas breise do mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge[3]
- Go ndéanfaí an TGMI a athbhreithniú agus a leasú.

## Treo an pholasaí

Aithnítear go bhfuil dúshláin ann go náisiúnta – agus go hidirnáisiúnta – faoi láthair le soláthar múinteoirí, agus go mbíonn dúshláin bhreise ann do scoileanna lán-Ghaeilge maidir leis seo. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sa réimse seo, cuirfear réimse gníomhartha i bhfeidhm faoin bpolasaí a chuirfidh leis an bPlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí.

Cuirfear gníomhartha i bhfeidhm faoin bpolasaí chun tacú le múinteoirí agus ábhair oide a gcumas agus a muinín sa Ghaeilge a fhorbairt. Déanfar na tacaíochtaí atá ann faoi láthair a ghréasánú, a phoibliú, agus a fhorbairt.

Rachfar i mbun comhairle leis na hinstitiúidí ardoideachais, leis an gComhairle Mhúinteoireachta, agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha eile chun bealaí a aithint chun cur le hinniúlacht agus le muinín na múinteoirí sa Ghaeilge mar chuid de chláir OTM. Déanfar iniúchadh ar conas is féidir comhthéacs an tumoideachais a

[3] Bhíodh liúntas 'Teagasc trí Ghaeilge' ar fáil do mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge. Mar aon le roinnt liúntas rólbhunaithe eile, tarraingíodh siar an liúntas seo d'iontrálaithe nua ón 1 Feabhra 2012 mar thoradh ar athbhreithniú ar liúntais agus íocaíochtaí préimhe a rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an liúntas fós á íoc le múinteoirí a bhí incháilithe dó roimh 2012 agus atá fós sa ról oibre céanna.

chuimsiú mar chuid de na cláir sin agus cuirfear dlús leis an gcomhpháirtíocht idir scoileanna lán-Ghaeilge agus na hinstitiúidí ardoideachais. Fiosrófar féidearthachtaí maidir le tuilleadh cláir OTM trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.

Déanfar athbhreithniú ar an TGMI i gcomhthéacs na bhforbairtí atá tarlaithe ó dearadh é in 1999 (CEFR san áireamh). Beidh na caighdeáin a leagfar amach do scoileanna lán-Ghaeilge, chomh maith leis na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil do mhúinteoirí le cur lena gcumas teanga, mar chuid de chomhthéacs an athbhreithnithe sin chomh maith.

# 3.7 Tacaíochtaí do thuismitheoirí agus don phobal níos leithne

## An staid reatha

Tá dlúthbhaint ag tionchar tuismitheoirí le dul chun cinn a bpáistí i bhfoghlaim na teanga, agus aithnítear an ról atá ag scoileanna cuidiú le tuismitheoirí an tacaíocht is mó is féidir a thabhairt dá bpáistí in obair na scoile agus i bhfoghlaim na teanga. Tá tacaíochtaí luachmhara á gcur ar fáil ag scoileanna áirithe lán-Ghaeilge cheana féin lena n-áirítear, mar shampla, ranganna Gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta, acmhainní tacaíochta don obair bhaile, seisiúin eolais faoin tumoideachas agus faoi bhuntáistí an dátheangachais, naisc á éascú le líonraí Gaeilge agus imeachtaí Ghaeilge á eagrú don phobal scoile. Ní mór na tacaíochtaí sin a neartú agus a leathnú ar fud earnáil na scolaíochta lán-Ghaeilge.

Tá, agus beidh amach anseo, ról an-tábhachtach ag na heagraíochtaí Gaeilge i gcoitinne, an Ghaeilge agus a hoidhreacht a chothú. Tá ról ar leith ag na ceanneagraíochtaí Gaeilge, atá aitheanta agus maoinithe ag Foras na Gaeilge, sa réimse seo.

- Tacaíonn Gael-Linn le scoileanna agus le teaghlaigh araon atmaisféar le Gaeilge a chruthú trí acmhainní spriocdhírithe a chur ar fáil a thacaíonn le húsáid na teanga ar bhealaí praiticiúla taitneamhacha.

- Tá réimse leathan scéimeanna agus tacaíochtaí á gcur ar fáil ag Glór na nGael chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge. Tá tacaíocht luachmhar phraiticiúil á soláthar do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge, tríd, mar shampla, *Teanga Tí*, a chuireann deiseanna úsáide teanga ar fáil trí imeachtaí Gaeilge a reáchtáil. Soláthraíonn siad comhairle do theaghlaigh ar mian leo a bpáistí a thógáil trí Ghaeilge.

- Tá ról tábhachtach á chomhlíonadh ag Conradh na Gaeilge an Ghaeilge a spreagadh mar ghnáth-theanga labhartha. Chuige seo, bíonn obair leanúnach ar siúl acu maidir le tábhacht agus caomhnú na teanga agus na hoidhreachta. Gné amháin dá gcuid oibre ná ranganna Gaeilge a chur ar fáil do gach leibhéal foghlaimeora agus rannpháirtíocht i gciorcail chomhrá a spreagadh ar fud na tíre.

- Tá áis luachmhar ann i gCumann na bhFiann maidir le gréasáin do dhaoine óga ar suim leo an teanga, a chur ar fáil. Eagraíonn an Cumann clubanna éagsúla go háitiúil ar fud na tíre agus go fíorúil, rud a thugann deis do dhaoine óga an Ghaeilge a labhairt go sóisialta lasmuigh de shuíomh na scoile.

Cé go gcuirtear fáilte roimh pháistí agus daoine óga ó gach cúlra i scoileanna lán-Ghaeilge, is mó seans go bhfreastalóidh daltaí a bhfuil náisiúntacht eile acu seachas náisiúntacht Éireannach ar scoileanna meán-Bhéarla. Ní raibh náisiúntacht nach náisiúntacht Éireannach í ach ag 1% de dhaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge sa scoilbhliain 2020. Chomh maith leis sin, ní raibh ach 0.25% de scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge ó phobail an Lucht Siúil agus na Romach sa scoilbhliain 2022/23.

## Teachtaireachtaí ón gcomhairliúchán agus ón taighde

Sa cheistneoir ar líne a reáchtáladh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, iarradh ar na rannpháirtithe cé na tosaíochtaí ar cheart don Roinn díriú orthu chun an tionchar is mó a imirt ar an oideachas lán-Ghaeilge. Cuireadh réimse roghanna ar fáil do na freagróirí. Ba é an ghné is mó a roghnaigh na rannpháirtithe sa taighde ná "Tacaíochtaí do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu ach ar mhaith leo oideachas lán-Ghaeilge a roghnú dá leanaí". Tugadh suntas ar leith don ghné seo i measc gach catagóir rannpháirtithe – tuismitheoirí, oideachasóirí agus scoláirí.

Aithníodh sa chomhairliúchán an ról lárnach atá ag tuismitheoirí in oideachas a bpáistí, agus an tábhacht a bhaineann le tacaíochtaí cuí a chur ar fáil chun tacú leo. Tugadh cur síos cuimsitheach sa taighde idirnáisiúnta ar na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí sa Bhreatain Bheag chun iad a spreagadh an Bhreatnais a labhairt lena bpáistí ón gcliabhán agus chun pobal cainteoirí Breatnaise a chruthú.

Luadh sa chomhairliúchán an ról luachmhar a d'fhéadfadh tuismitheoirí a ghlacadh chun tacú le pobal Gaeilge a chruthú sa scoil agus thart timpeall ar an scoil. Aithníodh roinnt tacaíochtaí a bheadh cabhrach do thuismitheoirí, mar shampla:

- Ranganna Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí
- Tacaíochtaí a chur ar fáil do thuismitheoirí faoi conas cabhrú leis an obair bhaile
- Acmhainní a fhorbairt a thacódh le tuismitheoirí an Ghaeilge a fhoghlaim le go mbeidh siad in ann tacú le foghlaim a bpáistí
- Ranganna/gníomhaíochtaí teaghlaigh a chur ar fáil ionas gur féidir le tuismitheoirí agus páistí an Ghaeilge a úsáid eatarthu féin.

Leagadh béim sa chomhairliúchán, agus sna moltaí ón taighde idirnáisiúnta, ar an tábhacht atá ann tacú le húsáid na Gaeilge – sa scoil agus sa phobal níos leithne. Moladh go mbeadh sé tábhachtach nach leagfaí an cúram seo go hiomlán ar fhoireann na scoile, agus go mbeadh gá le feachtais níos leithne sa réimse seo chun rannpháirtíocht phobal uile na scoileanna a chinntiú.

Moladh go bhféadfadh feachtas feasachta a léiriú go bhfuil scoileanna lán-Ghaeilge fáilteach agus oiriúnach do gach duine, cuma cén cúlra socheacnamaíoch, teanga, eitneacht, creideamh nó cumas atá acu. Luadh gur cheart tuismitheoirí ó chultúir éagsúla a mhealladh a bpáistí a chur chuig suíomhanna lán-Ghaeilge. Aithníodh go mbeadh gá le hábhar eolais agus poiblíochta a bheith ar fáil i dteangacha éagsúla.

## Treo an pholasaí

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le húsáid na Gaeilge a threisiú sna scoileanna lán-Ghaeilge, agus ina bpobail, chun rath an pholasaí a chinntiú. Oibreoidh an Roinn Oideachais leis an RTCEGSM agus leis na ceanneagraíochtaí ábhartha, chun tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna agus dá bpobail, ag tógáil ar an méid atá á bhaint amach faoi láthair. Chun tacú le húsáid na Gaeilge mar theanga bheo,

bheadh sé tairbheach do scoileanna naisc leis an nGaeltacht a chruthú agus a threisiú; fiosrófar bealaí le tacú le scoileanna na naisc sin a fhorbairt.

Cuirfear gníomhartha i bhfeidhm faoin bpolasaí chun tógáil ar na hacmhainní atá forbartha ag eagraíochtaí do thuismitheoirí, chun tacú leo agus iad ag cabhrú lena bpáistí leis an obair bhaile agus leis an nGaeilge a úsáid sa teaghlach.

Cuirtear ranganna Gaeilge do thuismitheoirí ar fáil go minic i scoileanna lán-Ghaeilge, agus tá réimse leathan ranganna Gaeilge ar fáil ar fud na tíre – trí na Boird Oideachais agus Oiliúna agus trí na ceanneagraíochtaí Gaeilge, i measc dreamanna eile. Is minic a fhreastalaíonn tuismitheoirí a bhfuil páistí acu i scoileanna lán-Ghaeilge ar na ranganna sin. Cuirfear gníomhartha ar bun i gcomhpháirt leis na ceanneagraíochtaí Gaeilge ábhartha agus leis na BOOanna chun tuismitheoirí a nascadh le ranganna a bheadh oiriúnach dóibh agus chun deiseanna a chur ar fáil do theaghlaigh bheith rannpháirteach i saol na Gaeilge.

Aithnítear go bhfuil tábhacht ar leith le suíomhanna oideachais atá ionchuimsitheach, ilteangach, ilchultúrtha agus fáilteach do chách a chinntiú san earnáil. Aithneofar bealaí faoin bpolasaí chun tacú le scoileanna lán-Ghaeilge fás agus forbairt ar an múnla sin.

Chun ionchuimsitheacht a chinntiú i scoileanna lán-Ghaeilge, ba cheart ionchuimsitheacht a chinntiú sna seomraí foirne sna scoileanna sin. Fiosrófar bealaí chun múinteoirí, CRSanna agus baill foirne ó chúlraí éagsúla a mhealladh chuig an oideachas lán-Ghaeilge, mar shampla trí leas a bhaint as feachtas bliantúil na Roinne “Múnlaíonn an mhúinteoireacht an todhchaí”. Cuirfear gníomhartha i bhfeidhm faoin bpolasaí chun díriú ar an gceist seo.

# 4. Focal scoir

Beidh an foghlaimeoir mar chroílár an pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus déanfar gach iarracht a chinntiú go gcuirfear oideachas ar ard-chaighdeán ar fáil do gach páiste agus do gach duine óg a fhreastalaíonn ar shuíomhanna oideachais lán-Ghaeilge.

Leagfar béim ar an ról ríthábhachtach atá ag múinteoirí, ceannairí scoile agus foirne eile na scoile chun tacú le daltaí agus scoláirí agus iad ar a n-aistear foghlama i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge. Thairis sin, cuirfidh na páirtithe leasmhara oideachais tacaíochtaí ábhartha ar fáil chun cabhrú le scoileanna spriocanna ina thaobh sin a chur i ngníomh. Lena chois sin, beidh gá le comhoibriú leanúnach le pobail na scoileanna (tuismitheoirí san áireamh) agus le heagraíochtaí Gaeilge chun pobal Gaelach a thógáil thart timpeall ar na scoileanna lán-Ghaeilge ionas gur féidir an polasaí a chur i bhfeidhm mar is ceart.

Is de thoradh chomhoibriú na bpáirtithe leasmhara uile, agus an phobail níos leithne, a bheidh rath ar an bpolasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Mar a deirtear, ní neart go cur le chéile.